Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2021
(OR. fr)

7723/21

COAFR 89
CFSP/PESC 357
RELEX 293
CSDP/PSDC 168
ACP 20
DEVGEN 60
COHOM 73
COHAFA 25
CIVCOM 48
COPS 128

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Straitéis Chomhtháite an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 16 Aibreán 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Chomhtháite an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil, a formheasadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 16 Aibreán 2021.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le Straitéis Chomhtháite an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil**

***Nótaí tosaigh***

1. Is comhpháirtithe nádúrtha iad Stáit na Saiheile agus an tAontas Eorpach, iad nasctha le chéile ó thaobh staire, tíreolaíochta agus cultúir de. Mar a meabhraíodh sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afraic i mí an Mheithimh 2020, is chun leasa an Aontais Eorpaigh é go ndéanfaí comhpháirtíocht níos dlúithe agus níos uaillmhianaí fós a fhorbairt leis an Afraic agus lena réigiúin, go háirithe chun tacú leis an iltaobhachas; leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht; leis an bhforbairt inbhuanaithe chuimsitheach; leis an bhfás eacnamaíoch. Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu an 28 Aibreán 2020, d'athdhearbhaigh comhaltaí na Comhairle Eorpaí agus ballstáit G5 na Saiheile go bhfuil siad tiomanta do shlándáil, cobhsaíocht agus forbairt na Saiheile. Meabhraíonn an tAontas freisin go bhfuil sé tiomanta dá chur chuige réigiúnach comhtháite, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí na Bealtaine 2019.

2. A bhuí leis an gcaidreamh maith idir an tSaiheil agus an tAontas, cuirtear deiseanna straitéiseacha frithpháirteacha ar fáil. Is fusa, de bharr an chaidrimh sin, comhsheasaimh a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna. Chomh maith leis sin, is den ríthábhacht go mbeadh an tSaiheil cobhsaí má tá pobail na Saiheile agus an Aontais chun lántairbhe a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha de mheon comhpháirtíochta atá chun tairbhe an dá pháirtí.

3. Le blianta beaga anuas, áfach, tá aghaidh á tabhairt ag an tSaiheil ar staid dheacair lena ndéanann na leochaileachtaí, na laigí agus na heaspaí slándála treisiú ar a chéile. Leis an ngéarchéim dhomhain slándála atá ag cur isteach ar chodanna áirithe den réigiún ó 2012 i leith, cuirtear isteach ar fhorbairt an réigiúin agus d'fhéadfaí an dul chun cinn a rinneadh le blianta anuas a chur ó mhaith. Déanann an tAontas comhbhrón leis na híospartaigh ar fad agus tréaslaíonn sé a misneach le muintir an réigiúin.

4. I ngeall ar threochtaí fadtéarmacha amhail an t-athrú aeráide, brú déimeagrafach i gcomhthéacs fás eacnamaíoch neamhleordhóthanach, ganntanas na n-acmhainní nádúrtha, rioscaí eipidéime, lena n-áirítear géarchéim sláinte COVID-19 agus na héifeachtaí a d'eascair aisti, tá an teannas a bhí ann cheana tar éis dul in olcas agus go deimhin dúshláin nua tagtha chun cinn: an rochtain ar uisce agus ar shláintíocht, an rochtain ar thalamh, oideachas, sláinte, fostaíocht, scála na sreabh imirce. Éilíonn roinnt de na dúshláin struchtúracha seo freagairt áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta mar aon le tiomantas fadtéarmach. Tá an tAontas réidh i gcónaí, mar chomhpháirtí ar leith, chun cuidiú leis sin.

5. Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise a bhfuil ráite i gcoinne a bhfuil de sháruithe ar chearta an duine, de neamhionannas, d'éilliú agus den tsaoirse ó phionós ann, is cúis imní don Aontas a leochailí atá an conradh sóisialta agus an diúltú do dhlisteanacht an stáit, stát atá lag cheana féin mar gheall ar a neamhláithreacht i roinnt de na réigiúin. Le méadú na heaspa slándála agus a chuid éifeachtaí sin, arb iad na pobail shibhialtacha is túisce atá thíos leis, tá géarú tagtha ar staid inar iomadúil na géarchéimeanna, agus iarmhairtí daonnúla dá bharr sa réigiún nach bhfacthas a leithéid cheana, lena n-áirítear méadú ar líon na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin agus líon na ndídeanaithe, méadú ar an easáitiú éigeantach, ar mhí-úsáid, ar theannas i bpobail agus idir pobail, méadú ar athfhilleadh agus leathadh géarchéimeanna bia agus cothaithe, méadú ar riachtanais sláinte agus ar a dheacra atá sé seirbhísí stáit a bhunú i limistéir choinbhleachta. Á aithint dó go gcuireann an éagobhsaíocht leis an imirce neamhrialta, tá an tAontas meáite ar a chomhpháirtithe sa tSaiheil a thacú sna réimsí sin.

6. Mar gheall ar na dúshláin seo ar fad, mar aon le méadú gníomhaíochta na ngrúpaí armtha, a bhfuil roinnt acu cleamhnaithe le grúpaí idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta, an géarú ar an easpa slándála, a bhfuil gné thrasteorann ar roinnt leis go minic, chomh maith leis na héilimh go ndéanfaí an fhreagairt pholaitiúil agus dhaonnúil a neartú, tá rialtais an réigiúin agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta tar éis freagairt chomhchoiteann a eagrú le blianta beaga anuas, lena n-áirítear iarrachtaí móra i dtaca le slándáil, forbairt, rialachas agus le hathbhunú na síochána: cruthaíodh G5 na Saiheile in 2014, ar neartaíodh a Fhórsa Comhpháirteach ó 2017 i leith, agus bunaíodh Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta i gcoinne Boko Haram (FMM) faoi chuimsiú Choimisiún Imchuach Loch Shead (2014). Ag an am céanna, seoladh Comhghuaillíocht na Saiheile in 2017, an Chomhpháirtíocht le haghaidh Slándála agus Cobhsaíochta sa tSaiheil (P3S) in 2019 agus, ar deireadh, an Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta don tSaiheil in 2020, mar chreat don rannpháirtíocht pholaitiúil agus straitéiseach sa tSaiheil. Le go leanfaidh na hiarrachtaí sin ar fad de thorthaí a thabhairt, ní mór iad a neartú sna réimsí ar fad.

7. Leis na conclúidí seo ón gComhairle, féachtar le leanúint ar aghaidh ón straitéis a leagadh amach in 2011 agus a athbhreithníodh in 2014, gona plean gníomhaíochta réigiúnach don tréimhse 2015-2020, sa chomhthéacs reatha agus na forbairtí tábhachtacha sin thuas á gcur san áireamh. Leis na conclúidí, féachtar freisin le straitéisí Bhallstáit an Aontais maidir leis an tSaiheil a chomhlánú agus a neartú trí chur chuige comhtháite lena ndéantar sineirgí agus comhleanúnachas a threisiú idir na gníomhaithe agus na hionstraimí éagsúla atá in úsáid sa tSaiheil.

8. Seasann an tAontas Eorpach le Stáit na Saiheile ina n-iarrachtaí freagairt go hiomlán ar thoilmhianta a bpobal agus is mian leis dlús a chur lena chuid tacaíochta agus béim níos láidre a leagan ar an ngné pholaitiúil, agus an rialachas a chur i gcroílár a gníomhaíochta.

9. Is iad cúig stát G5 na Saiheile – Buircíne Fasó, Mailí, an Mháratáin, an Nígir agus Sead – príomhchreat geografach na straitéise nua seo. Mar sin féin, leis an straitéis nua, beidh gníomhaíocht an Aontais suite i gcomhthéacs níos leithne na ndúshlán réigiúnach agus trasteorann, ó staid na Libia go dtí an easpa slándála in Imchuach Loch Shead agus i Murascaill na Guine, ó chósta an iarthair go dtí dinimic na hAfraice Thoir, agus na dúshláin réigiúnacha, ilchríochacha agus dhomhanda atá fite fuaite ina chéile á gcur san áireamh. Beidh gníomhaíocht an Aontais sa tSaiheil suite freisin i gcomhthéacs na nasc polaitiúil, cultúrtha agus tráchtála, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, atá ann cheana, go háirithe idir an tSaiheil agus an Afraic Thuaidh.

***Comhpháirtíocht sheanbhunaithe atá á cur in oiriúint go seasta***

10. Leis an straitéis nua, táthar ag cur le comhpháirtíocht láidir sheanbhunaithe leis an tSaiheil. Le linn na tréimhse 2014-2020, bhain an tAontas leas as na hionstraimí uile atá aige, ón gcabhair dhaonnúil go dtí tacú leis na fórsaí cosanta agus slándála, tríd an gcobhsú agus trí thacú leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus trí gach leibhéal den chomhar: náisiúnta, réigiúnach, ilchríochach, idirnáisiúnta agus téamach. Rinneadh na buiséid fhoriomlána a mhéadú níos mó ná céad faoin gcéad. Táthar tar éis na módúlachtaí cabhrach a chur in oiriúint le go mbeifear in ann tacú leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht go háirithe. Táthar tar éis ionstraimí nua comhair a chruthú chun luas agus tionchar na tacaíochta ón Aontas a mhéadú, mar shampla, an Ciste Iontaobhais Éigeandála agus na misin fothaithe acmhainneachta chun tacú leis an tslándáil agus leis an bhforbairt, mar a thugtar orthu. Den chéad uair riamh, tá an tAontas tar éis gníomhaíocht chobhsaíochta a imscaradh i Mailí faoi Airteagal 28 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá sé tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe úsáide a Shaoráide um Shíocháin san Afraic (APF) d'fhonn a bheith in ann tacú le Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus ar na socruithe úsáide i ndáil le gníomhaíocht níos réigiúnaí de chuid Mhisean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA). Thacaigh an tSaoráid um Shíocháin san Afraic freisin leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta ó 2016 i leith sa troid i gcoinne Boko Haram.

11. Le himscaradh dhá mhisean shibhialtacha (EUCAP Sahel Niger in 2012 agus EUCAP Sahel Mali in 2014) agus misin mhíleata amháin ( EUTM Mali in 2013) arb é is aidhm leo tacú, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, leis an réigiún ina iomláine, rannchuidítear le cumais na bhfórsaí cosanta agus slándála a neartú le go n-áiritheofar cosaint na bpobal. Ó 2019 i leith, tá an iarracht seo chun gníomhaíocht an Aontais a réigiúnú á comhlánú ag obair an Aonaid Réigiúnaigh um Chomhordú. Tá roinnt Ballstát de chuid an Aontais rannpháirteach sa troid i gcoinne na sceimhlitheoireachta, go háirithe in Oibríocht Barkhane agus i dTascfhórsa Takuba nó trí thacú le tíortha G5 na Saiheile sa réimse míleata, lena n-áirítear trí chomhaontuithe déthaobhacha agus trí chomhar míleata déthaobhach. Tacaíonn an tAontas freisin leis an gcreat comhlíontachta i ndáil le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá méadú ag teacht ar líon na mBallstát sin de chuid an Aontais atá rannpháirteach in MINUSMA. Leis na hiarrachtaí sin, léirítear tiomantas na hEorpa don tsíochain, don tslándáil, don chobhsaíocht agus do chosaint na sibhialtach sa tSaiheil.

12. Is díol sásaimh don Aontas tacaíocht an phobail idirnáisiúnta don tSaiheil. Is díol sásaimh dó freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun comhordú agus comhleanúnachas níos fearr a áirithiú idir an iliomad tionscnamh atá á ndéanamh i bhfabhar an réigiúin, lena n-áirítear Comhghuaillíocht na Saiheile, P3S agus Comhghuaillíocht na Saiheile, a bhfuil an tAontas páirteach iontu. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do na ceithre cholún a sainaithníodh i mí Aibreáin 2020 i gcreat Chomhghuaillíocht na Saiheile, de mheon an neamhspleáchais agus an dlúthchomhordaithe idir gach colún: (i) an sceimhlitheoireacht a chomhrac, (ii) cumais fórsaí náisiúnta cosanta agus slándála agus Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile a neartú, (iii) an Stát, na seirbhísí riaracháin agus na seirbhísí bunúsacha a imscaradh i gcomhthéacs an chobhsaithe, (iv) na gníomhaíochtaí forbartha.

13. Tá ról an-tábhachtach ag an Aontas Eorpach, in éineacht le Rúnaíocht Feidhmiúcháin G5 na Saiheile, maidir le colúin (ii) agus (iii) a chomhordú agus a stiúradh, ar colúin iad a cuireadh le chéile faoi P3S a bhfuil a rúnaíocht mar chuid den tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Mar bhall bunaidh de Chomhghuaillíocht na Saiheile, leanfaidh an tAontas de pháirt a ghlacadh sa tionscnamh seo mar chuid dá thacaíocht don fhorbairt.

***Straitéis uaillmhianach, chuimsitheach, sholúbtha atá bunaithe ar phrionsabal na cuntasachta***

14. Is mian leis an Aontas Eorpach a phrionsabail bhunaidh a athdhearbhú ina chomhpháirtíocht le tíortha na Saiheile agus gabhann sé air féin a mhodhanna oibre a oiriúnú chun tionchar a thacaíochta a optamú d'fhonn cabhrú le feabhas inbhuanaithe a chur ar dhálaí maireachtála mhuintir na Saiheile. Agus a straitéis á cur chun feidhme aige, dá bhrí sin, tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar éifeachtacht a ghníomhaíochta, agus ar an urraim do na prionsabail 'gan dochar a dhéanamh' agus 'gan aon duine a fhágáil ar lár'.

15. Leanfaidh urraim agus cur chun cinn chearta an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus cosaint an duine aonair ar gach cur isteach ar a shláine, de bheith i gcroílár ghníomhaíocht an Aontais i ngach réimse dá idirghabháil sa tSaiheil.

16. Ar mhaithe le torthaí nithiúla a bhaint amach a luaithe is féidir, is mian leis an Aontas a chuid gníomhaíochta a dhéanamh mar chuid de chomhpháirtíocht a bheidh bunaithe ar fhreagracht gach comhpháirtí a ghealltanais a chomhlíonadh. Tá an chuntasacht fhrithpháirteach sin bunaithe ar dhlúthphlé leanúnach polaitiúil lena gceadaítear dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na pointí tosaíochta arna sainiú go comhpháirteach, i dtimpeallacht muiníne. Leis an gcuntasacht fhrithpháirteach, féachtar le cuspóirí nithiúla intomhaiste a bhaint amach, go háirithe i réimsí an rialachais, an smachta reachta agus na troda i gcoinne na héillitheachta agus na saoirse ó phionós.

17. Dearbhaíodh, sa dearbhú ón 28 Aibreán 2020 atá i gceangal, príomhfhreagracht Bhallstáit G5 na Saiheile sa chobhsú réigiúnach. Chun go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag gníomhaíocht an Aontais, ba cheart an ghníomhaíocht sin a bheith bunaithe ar thoil pholaitiúil iomlán agus rannpháirtíocht rialtais na Saiheile agus na n-údarás áitiúil chun a ngealltanais a chur chun feidhme agus chun leas a bhaint as na cumais is gá. Tá tacaíocht shuntasach sheachtrach á fáil ag an tSaiheil, go háirithe ón Aontas. Cé gur tacaíocht nach beag atá i gceist ansin, ní féidir léi a bheith éifeachtach go hiomlán mura nglactar úinéireacht láidir ar an tacaíocht sin ar leibhéal na n-údarás sa tSaiheil, agus ar an leibhéal áitiúil agus pobail chomh maith.

18. Leanfaidh an tAontas dá thacaíocht phráinneach agus dá chúnamh daonnúil a thabhairt, chun freagairt do ghéarchéimeanna, do na pobail is leochailí, i gcomhréir leis na prionsabail dhaonnúla idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de chomhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhonn gníomhach lena chomhpháirtithe sa tSaiheil, de chosaint na bpobal sibhialtach a neartú, de mheabhrú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé rochtain dhaonnúil shábháilte gan bhac a áirithiú ar dhaoine leochaileacha atá thíos le gach cás coinbhleachta, agus den chomhordú sibhialtach-míleata a neartú, go háirithe chun na prionsabail dhaonnúla a chosaint agus a chur chun cinn. I gcomhthéacs cur chuige comhtháite comhleanúnach i leith ghníomhaíocht an Aontais, beidh sé ag brath ar "nasc" idir cabhair dhaonnúil, tacaíocht don fhorbairt inbhuanaithe agus tacaíocht don tsíocháin.

19. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don chomhtháthú sóisialta, don chobhsaíocht, do choinbhleachtaí agus don choireacht trasteorann a chosc, do na hiarrachtaí idirghabhála agus do chothú na síochána, trí fhreagairt do bhunchúiseanna láithreacha na neamhshlándála agus na héagobhsaíochta. Leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí lena bhféachtar le leathadh na héagobhsaíochta a shrianadh. Is mian leis an Aontas Eorpach leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin is leochailí ó thaobh slándála de, go háirithe réigiúin Liptako Gourma agus Loch Shead.

20. I gcur chuige cuimsitheach, áiritheoidh an tAontas go rachaidh sé i muinín na n-údarás díláraithe agus na sochaí sibhialta ina cuid éagsúlachta ar fad.

21. Áiritheoidh an tAontas go leanfaidh sé de chur chuige a bheidh in oiriúint do gach comhthéacs, agus riachtanais shonracha na ndaonraí, na n-eintiteas díláraithe agus na Stát á gcur san áireamh aige. Bunaithe ar an taithí atá aige, agus chun a ghníomhaíocht a oiriúnú ar an mbealach is fearr is féidir, leanfaidh an tAontas, freisin, de leas a bhaint as a thoscaireachtaí agus as a ionadaithe ó na Ballstáit sa tSaiheil agus de thacaíocht a thabhairt do staidéir agus d'anailísí lena n-áirítear gné na hinscne agus lena bhfuil sé mar aidhm an tuiscint atá ann ar na saincheisteanna agus na dúshláin réigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla, agus ar riachtanais shonracha na ndaonraí, a fheabhsú chun go bhféadfar freagairt orthu ar bhealach leordhóthanach.

22. Sa chur chuige a bheidh aige, agus i gcomhréir lena thosaíochtaí, déanfaidh an tAontas beartais agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha na Saiheile a chur san áireamh thar aon rud eile, chomh maith le rannchuidiú eagraíochtaí réigiúnacha, go háirithe ECOWAS agus an tAontas Afracach. Is iad na creataí tosaíochta a bheidh ann le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais go háirithe an 'Straitéis maidir le forbairt agus Slándáil' i dtíortha G5 na Saiheile ó 2016 agus an 'Creat Comhtháite Gníomhaíochtaí Tosaíochta' ó 2020, an 'Plean Éigeandála maidir lena chur chun feidhme' agus Plean na nInfheistíochtaí Tosaíochta, a glacadh ar an leibhéal réigiúnach.

23. Ar mhaithe le gníomhaíocht éifeachtach agus mhear lena ngabhfaidh éifeachtaí inbhuanaithe, tabharfaidh an tAontas tús áite do thionscnaimh chomhpháirteacha agus leanfaidh sé dá chomhordú inmheánach a fheabhsú. Maidir leis an méid sin, beidh an tAontas ag brath freisin ar a Ionadaí Speisialta don tSaiheil. Thairis sin, áiritheoidh an tAontas go ndéanfar na hiarrachtaí a chomhordú go cuí leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe le comhpháirtithe G5 na Saiheile, ECOWAS, an Aontais Afracaigh, na Náisiún Aontaithe, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus comhpháirtithe déthaobhacha straitéiseacha atá toilteanach rannchuidiú le cobhsaíocht agus forbairt na Saiheile. Is iad Comhghuaillíocht na Saiheile agus colúin na Comhghuaillíochta sin an creat is fearr chuige sin, gan dochar do phróisis chinnteoireachta inmheánacha an Aontais.

24. Leanfaidh an tAontas de bheith ag moladh go bhfanfaidh na fóraim chomhordúcháin amhail Comhghuaillíocht na Saiheile, lena n-áirítear struchtúir rialachais a colún, go bhfanfaidh siad solúbtha, cuimsitheach agus éadrom chun an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht is mó is féidir a áirithiú.

*Tosaíochtaí straitéiseacha*

25. Is í straitéis an Aontais don tSaiheil an creat a bheidh ann do bheartais agus do ghníomhaíochtaí an Aontais sa tSaiheil. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá 'preab shibhialta pholaitiúil': comhaontú nua polaitiúil agus rialachais lena ndíreofar go háirithe ar an gcobhsaíocht sa ghearrthéarma, ar ionchais na forbartha inbhuanaithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíche san fhadtéarma, de bhreis ar an iarracht mhíleata. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do cheithre cholún na Comhghuaillíochta, agus a neamhspleáchas á urramú aige ag an am céanna.

26. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle in 2020 maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, leanfaidh sé de bheith rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na ngrúpaí armtha agus i gcoinne na gáinneála trasteorann agus na coireachta eagraithe. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an tAontas de thacú leis na hiarrachtaí slándála atá ar bun ag Stáit G5 na Saiheile agus ag fórsa comhpháirteach an G5, lena n-áirítear iarrachtaí mhisin mhíleata agus shibhialta an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC). Is díol sásaimh dó rannpháirtíocht roinnt Ballstát éagsúil de chuid an Aontais i dTascfhórsa Takuba sa mhisean atá acu chun fórsaí armtha Mhailí a thionlacan.

27. Leanfaidh an tAontas de thacú le hathchóiriú na hearnála slándála trí chabhrú le feabhas a chur ar an éifeachtúlacht oibríochtúil, ar bhainistiú na n-acmhainní daonna, ar mhéadú na trédhearcachta, lena n-áirítear an trédhearcacht airgeadais, agus trí chabhrú leis na sásraí rialaithe agus cuntasachta a neartú. Leanfaidh sé de ról níos lárnaí a chur chun cinn do na fórsaí slándála inmheánaí maidir le caidreamh muiníneach a neartú idir na daoine agus an stát, go háirithe trína iarraidh go ndéanfadh na fórsaí slándála inmheánaí na fórsaí armtha a ionadú de réir a chéile ar an leibhéal áitiúil, agus go bhfeabhsófaí a gcumarsáid leis na pobail atá buailte. Ba cheart go leanfadh tacaíocht an Aontais d'athchóiriú na hearnála slándála de bheith ina chabhair le slándáil an duine a athbhunú, agus de bheith bunaithe ar phrionsabail an daonlathais, an mheasa ar chearta an duine, agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, go háirithe don rochtain dhaonnúil agus do chosaint na sibhialtach.

28. Tá an tAontas réidh chun dlús a chur lena thacaíocht do bhainistiú éifeachtach agus cothrom na gcríoch uile, do láithreacht fhreagrach an stáit agus do sholáthar cuimsitheach seirbhísí bunúsacha poiblí do na pobail uile ar mhaithe leis an gcobhsaíocht agus leis an bhforbairt. Chun go bhféadfaidh na hinstitiúidí poiblí agus na húdaráis áitiúla na feidhmeanna ríthábhachtacha sin a chomhlíonadh, tá an tAontas réidh chun cabhrú le Stáit na Saiheile tionscnaimh a shaothrú arb é is aidhm dóibh na caidrimh mhuiníne idir na daoine agus na hinstitiúidí a neartú, go háirithe trí thacú le próisis an díláraithe agus rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail i gcinntí áitiúla.

29. Tabharfaidh an tAontas aird pholaitiúil ar leith ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh i réimsí an rialachais agus an smachta reachta. Tacóidh sé leis na hathchóirithe agus rannchuideoidh sé le fothú na n-acmhainní, go háirithe na hacmhainní institiúideacha. Tá sí faoi réir chun tacaíocht a thabhairt ag na huaireanta atá tábhachtach don daonlathas, go háirithe tacaíocht don phlé ar an gconradh sóisialta, na próisis toghcháin agus cineál cuimsitheach na bpróiseas polaitiúil agus na n-athchóirithe. Déanfar dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe um Shíocháin agus um Athmhuintearas i Mailí a d'eascair as Próiseas na hAilgéire 2015 agus ar na hiarrachtaí cobhsaíochta i Lár na tíre agus ar na hathchóirithe atá tuartha sa chomhthéacs sin. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don dílárú agus do ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta.

30. Leanfaidh an tAontas d'aird a thabhairt ar na hiarrachtaí chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear ag fórsaí cosanta agus slándála, i gcoinne na héagóra nó an tréigin, na heaspa cosanta, agus i gcoinne gnéithe a ndealraíonn sé ina leith go mbaineann siad an bonn den chonradh sóisialta idir stáit agus saoránaigh agus go gcothaíonn siad earcaíocht a bheith ar bun ag grúpaí armtha; tá an tAontas faoi réir chun tacú leis na hiarrachtaí sin. Ní mór sáruithe ar chearta an duine nó ar an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, nó mí-úsáid na gceart nó an dlí sin, a ionchúiseamh agus ní mór iad siúd atá freagrach a thabhairt chun cuntais. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt ar earnáil an cheartais ina hiomláine agus ar na sásraí cuntasachta chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac agus chun muinín an phobail sa chóras ceartais atá acu a athbhunú. Leanfaidh an tAontas de chearta uile an duine agus de na saoirsí bunúsacha uile a chur chun cinn, a chosaint agus a urramú, agus tacóidh sé lena gcosantóirí. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'iriseoirí chun a gcuid oibre a dhéanamh gan bhac, agus den tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn.

31. Tá an tAontas fós tiomanta chun cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe. Tá an tAontas fós tiomanta do chearta sláinte gnéis agus atáirgthe, sa chomhthéacs sin. Agus beann aige air sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.

32. I gcomhréir le Clár Oibre na Náisiún Aontaithe maidir le Síocháin agus Slándáil na mBan agus le Plean Gníomhaíochta an Aontais[1], tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar an gcomhionannas inscne agus ar ról na mban, go háirithe chun an tsíocháin, rialachas níos fearr agus forbairt inbhuanaithe a chothú agus a chothabháil. Tacóidh sé leis na hiarrachtaí maidir le cumhachtú agus rannpháirtíocht iomlán, chomhionann, fhóinteach na mban, agus maidir le hionadaíocht na mban. Cuirfidh sé dlús lena chuid gníomhaíochta i gcomhrac an fhoréigin ghnéasaigh agus ghnéasaíoch, go háirithe i gcoinne na mban agus cailíní.

33. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar shaincheist na leanaí atá thíos leis an gcoinbhleacht agus leis an ngéarchéim shlándála, go sonrach i gcomhthéacs a thacaíochta d'athchóiriú na hearnála slándála, agus cuireann sé i dtreis go bhfuil sé ríthábhachtach sáruithe ar chearta an linbh, mar aon le hearcú agus úsáid an linbh, a chosc agus deireadh a chur leo, agus na leanaí sin a athimeascadh sa tsochaí.

[1] Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus na rúin ina dhiaidh sin maidir leis na mná, síocháin agus an tslándáil, agus plean gníomhaíochta an Aontais

34. I gcomhréir le Rún 2250 maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil[2], tacóidh an tAontas leis na húdaráis chun an óige a chur i gcroílár na mbeartas agus i gcroílár na forbartha, chun infheistíocht a dhéanamh in oideachas ar ardchaighdeán, i bhfostaíocht don aos óg agus i rannpháirtíocht na hóige. Chun feabhas a chur ar a n-ionchais, go háirithe do mhná óga agus do chailíní, beidh gá le cur chuige sainiúil a bheidh in oiriúint dá riachtanais agus dá bhfuil uathu agus don chomhthéacs socheacnamaíoch.

35. Agus é ag leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, mar a leagtar amach iad i gClár Oibre 2030, coinneoidh an tAontas laghdú na bochtaineachta agus na SDGanna eile i gcroílár a chuid gníomhaíochta. Agus cuspóirí Chomhaontú Pháras á saothrú aige, spreagfaidh sé tíortha na Saiheile ina n-iarrachtaí ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach, cosaint na ngnáthóg, caomhnú na bithéagsúlachta agus ar mhaithe leis an ngaineamhlú a chomhrac. I bhfianaise na n-iarmhairtí díreacha a bhíonn aige don duine, lena n-áirítear ó thaobh na slándála de, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Leanfaidh sé de bheith ag tacú le teacht aniar an daonra a neartú, de pháirt a ghlacadh san iarracht idirnáisiúnta tionchar COVID-19 a theorannú chomh maith le tacú le hathchóirithe struchtúracha eacnamaíocha agus le cruthú post cuibhiúil.

36. Chun tacú le geilleagair na Saiheile agus lena n-éagsúlú, oibreoidh an tAontas le hinfheistíochtaí príobháideacha inbhuanaithe a spreagadh.

37. Agus mórdhúshláin na forbartha inbhuanaithe ach freisin mórdhúshláin chobhsú an réigiúin á n-aithint aige, lena mbaineann ceist na rochtana ar thalamh, ar uisce, lena n-áirítear uisce óil, agus rochtain ar acmhainní nádúrtha eile, tacóidh an tAontas lena mbainistiú inbhuanaithe comhtháite cuimsitheach agus leis an gcomhar ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil i ndáil leis an méid sin. Chun an neamhshlándáil bia agus cothaithe a laghdú, oibreoidh an tAontas freisin ar mhaithe leis na córais feirmeoireachta inbhuanaithe a neartú.

[2] Rún 2250 (2015) CSNA

38. Is mian leis an Aontas leanúint de chomhar tairbheach a chur chun cinn i réimse na himirce, ar bhonn na gcomhpháirtíochtaí cuiditheacha a bunaíodh le blianta beaga anuas.

39. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair sa tSaiheil agus lena chomhpháirtithe sa tSaiheil chun an córas iltaobhach a neartú, córas a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Oibreoidh sé ar mhaithe le dea-fheidhmiú an chomhair iltaobhaigh, taobh le taobh leis na heagraíochtaí réigiúnacha amhail ECOWAS, an tAontas Arabach agus eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe sa tSaiheil, lena n-áirítear Oifig na Náisiún Aontaithe don Afraic Thiar agus don tSaiheil (UNOWAS), agus an Comhordaitheoir Speisialta d'Fhorbairt na Saiheile. Agus ról lárnach MINUSMA á aithint aige, go háirithe ó thaobh tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí, ar comhaltaí dá Choiste Faireacháin agus Cur Chun Feidhme iad an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe, oibreoidh an tAontas ar mhaithe leis an gcomhaontú teicniúil idir an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe agus Stáit G5 na Saiheile a oibríochtú, d'fhonn tacaíocht oibríochtúil agus lóistíochtúil a chur ar fáil don Fhórsa Comhpháirteach[3]. Tá sé réidh freisin féachaint ar na bealaí is iomchuí chun tacaíocht a thabhairt ar mhaithe le hacmhainneachtaí Rúnaíocht Feidhmiúcháin G5 na Saiheile a neartú. Tá an tAontas réidh freisin chun cur leis an machnamh idirnáisiúnta i ndáil le maoiniú inbhuanaithe intuartha lena dtacófaí le Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile.

***Réimse leathan ionstraimí ar fáil don fhís straitéiseach***

40. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé réidh raon iomlán a chuid uirlisí a shlógadh i gcur chun feidhme a straitéise. Le hidirphlé polaitiúil feabhsaithe idir an tAontas agus a Bhallstáit ar thaobh amháin agus G5 na Saiheile agus gach ceann dá Bhallstáit ar an taobh eile, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde, ba cheart go mbeifí in ann dul chun cinn a dhéanamh le chéile agus na cuspóirí atá leagtha síos a mheas. Tá an tAontas ag brath freisin ar ghníomhaíocht ríthábhachtach a Ionadaí Speisialta don tSaiheil chun comhleanúnachas foriomlán a chuid gníomhaíochtaí a neartú, agus chun rannchuidiú leis an idirphlé polaitiúil agus leis an gcomhordú idirnáisiúnta.

[3] Mar a leagtar amach i Rún 2391 (2017) CSNA

41. Ina theannta sin, agus mar chuid dá thacaíocht don daonlathas, don rialachas agus do chearta an duine, beidh an tAontas in ann a mhisin toghcháin a shlógadh chun cuidiú leis na próisis náisiúnta toghcháin. Beidh sé in ann tógáil ar fhorbairt beartais maidir le dícheall cuí um chearta an duine freisin, dá bhforáiltear i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024). I gcás inarb iomchuí, forchoimeádann an tAontas an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugann sé, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a chóras beart sriantach, a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain, a shlógadh tráth ar bith.

42. De réir chur chuige "Fhoireann na hEorpa", tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda a bhunú, beifear in ann páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, mar aon le gníomhaíochtaí a mhaoiniú i réimse chosc na coinbhleachta, na cobhsaíochta, an chomhdhlúthaithe agus na síochánaíochta. Beifear in ann freisin, faoi na cúinsí dá bhforáiltear leis an ionstraim, leanúint de chúnamh Eorpach a thabhairt d'fhothú acmhainneachta na ngníomhaithe míleata chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt. Tríd an tSaoráid Eorpach Síochána a chruthú, beifear in ann tacú le gníomhaíochtaí ar mhaithe le fothú acmhainneachta sa réimse míleata nó cosanta, go háirithe mar thacaíocht do shainorduithe mhisin CBSC, chun tacú le Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus leis na hinstitiúidí stáit. Thairis sin, beidh slógadh ionstraimí nuálacha airgeadais nua an Aontais thar a bheith ábhartha i ndáil le forbairt inbhuanaithe an réigiúin.

43. Leanfaidh an tAontas freisin de rannchuidiú le fothú acmhainneachta i réimsí na cosanta agus na slándála, trína mhisin CBSC a shlógadh agus trí leanúint de na hoiriúnuithe ar shainordú EUTM Mali a chur chun feidhme, go háirithe gníomhaíochtaí díláraithe agus gné réigiúnach an mhisin, lena n-áirítear ar mhaithe le Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile. Leanfaidh an tAontas den mhisean a chur in oiriúint do na riachtanais agus na forbairtí ar an leibhéal áitiúil. Rannchuideoidh sé freisin leis an 'bpreab shibhialta pholaitiúil', trína mhisin shibhialtacha CBSC agus tríd an tacaíocht a thugtar leo d'imscaradh an stáit agus don athchóiriú ar rialachas earnáil na slándála.

44. Cuirfidh an tAontas beartas cumarsáide poiblí uaillmhianach i bhfeidhm chun feasacht a mhéadú maidir le cineál agus méid na gníomhaíochta atá ar bun aige chun tacú leis an tSaiheil. Leanfaidh sé air freisin de dhul i ngleic leis na hiarrachtaí bréagaisnéise agus leis na bagairtí hibrideacha. Cuirfidh sé a chuid cumarsáide in oiriúint do na pobail áitiúla freisin, ag déanamh a sheacht ndícheall, mar shampla, chun a áirithiú go n-aistreofar na teachtaireachtaí poiblí uaidh go teangacha an réigiúin. Ba cheart do na hiarrachtaí faisnéise sin cur leis na tionscnaimh síochána agus athmhuintearais náisiúnta agus/nó idirphobail agus tacú leo.

45. Chun faireachán leanúnach polaitiúil ar chur chun feidhme a straitéise a ráthú agus chun go mbeidh sé in ann, i gcás inar gá, a ghníomhaíocht a oiriúnú do na hathruithe a thagann chun cinn ach freisin do na ceachtanna arna bhfoghlaim, sainaithneoidh an tAontas, i gcomhairle le comhpháirtithe na Saiheile, cuspóirí sonracha tosaíochta, de réir tíre agus ar an leibhéal réigiúnach. Is mian leis an gComhairle a bheith in ann brath ar thoscaireachtaí an Aontais agus ar ionadaíochtaí a Bhallstát creidiúnaithe chuige sin agus a bheith in ann brath orthu chomh maith chun faireachán rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas faoi seach i ngach ceann de thíortha G5 na Saiheile agus chun gníomhaíochtaí a shainaithint chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais. Roinnfear na torthaí le comhpháirtithe eile na comhghuaillíochta don tSaheil chun rannchuidiú le comhleanúnachas na gníomhaíochta idirnáisiúnta sa réigiún. Iarrann an Chomhairle ar Ardionadaí an Aontais agus ar an gCoimisiún Eorpach socruithe oibríochtaithe, faireacháin agus meastóireachta i ndáil leis an straitéis seo a mholadh di.

***Focal scoir***

46. Trí ghealltanas a thabhairt a chuspóirí agus a mhodhanna oibre a chur in oiriúint do dhálaí atá ag athrú, athdhearbhaíonn an tAontas gur mian leis a chomhpháirtíocht le G5 na Saiheile, lena chuid Ballstát, lena institiúidí agus lena phobail a neartú agus a dhoimhniú. De mheon na cuntasachta frithpháirtí agus bunaithe ar ghealltanais nithiúla atá infheicthe do na pobail atá buailte, is mian leis an Aontas a bheith in ann rannchuidiú níos mó fós le comhdhlúthú an daonlathais, na síochána agus na cobhsaíochta agus le forbairt inbhuanaithe na Saiheile ar mhaithe le muintir na Saiheile.